

## Ráiteas Shráidbhaile Chluain Ioraird

### 1.0 Comhthéacs/Carachtar an tSráidbhaile

Tá Cluain Ioraird suite in iardheisceart Chontae na Mí, 5km taobh thoir de Chionn Átha Gad, 7km taobh thiar de Mhaigh Dearmhaí agus 13km taobh thiar den Bhóthar Buí. D'fhás an sráidbhaile ar feadh an N4, an t-iar-Phríomhbhóthar Náisiúnta idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh, (Bóthar Réigiúnach R148 anois). Thosaigh sé amach mar lárionad eaglasta, bunaithe ag Naomh Fionán in 520 A.D. Tá ceithre iontráil ag Cluain Ioraird ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (TSÁ) laistigh de theorainn na forbartha

Cuimsítear le patrún talamhúsáide Chluain Ioraird croílímistéar sráidbhaile an-teoranta a shíneann ar bhealach idir an stáisiún peitрил ar an taobh thiar den sráidbhaile go teach tábhairne (The Monastery Inn) ar an taobh thoir den sráidbhaile. Eatarthu, ta úsáidí pobail taobh ó thuaidh agus taobh ó dheas den Phríomhshráid; scoil náisiúnta, eaglais agus halla pobail go príomha.

<b>Áit san Ordlathas Ionnaíochta</b>	Sráidbhaile		
<b>Daonra</b>	2011	2016	% Athrú
	339	347	Méadú 2.3% ar dhaonra
<b>Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise</b>	20 aonad		
<b>Aonaid a ghealltar nár tógadh fós</b>	0		
<b>Uimh. an tSoláthair Tithíochta</b>	128		
<b>Saoráidí Oideachais</b>	Bunscoil Naomh Fionán		
<b>Saoráidí Pobail</b>	Eaglais, halla pobail, tailte CLG.		
<b>Limistéar Comhaontais Ailtireachta</b>	Ceann ar bith		
<b>Déanmhais Chosanta</b>	Tá trí dhéanmhas cosanta uimh. suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile RPS MH047-100, Eaglais Chaitliceach Naomh Fionán RPS MH035-101, Ráillí Eaglais Chaitliceach Naomh Fionán RPS MH035-102 Scrín Naomh Fionán		
<b>Toilleadh Bonneagair</b>	Ionad Cóireála Uisce Chluain Ioraird-Toilleadh an Ionaid Srianta.		
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chluain Ioraird-Toilleadh an Ionaid Srianta.		
<b>Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte</b>	Is ann dó. Téann Crios Tuilte A agus / no B isteach ar thailte i dtreo theorainn an tsráidbhaile ó thuaidh.		
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Níl ceann ar bith ann. Tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Phortach Mhaolchnoc suite thart ar 1.5km taobh thoir thuaidh, agus tá Limistéar Caomhantais Speisialta Phortach Mount Hevey suite thart ar 2.5km taobh thiar thuaidh.		
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Tá 5 chrios Acmhainneachta Seandálaíochta in aice leis an Sráidbhaile.		

## 2.0 Fís

An fhís atá ann maidir le forbairt Chluain Ioraird le linn thréimhse an Phlean ná forbairt an tsráidbhaile amach anseo a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe chun taitneamhachtaí seanbhuanaithe nádúrtha agus stairiúla an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú. Díríonn ráiteas an tsráidbhaile ar chruth an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus an fhorbairt inlíonta talamh chúil a chur chun cinn in ionad é a leathadh tuilleadh ar feadh aon cheann de na bóithre isteach. Níl ach forbairt chónaithe nádúrtha/orgánach le cur chun cinn i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

## 3.0 Deiseanna

Is beag forbartha atá tar éis tarlú le linn thréimhse an Phlean Forbartha roimhe seo; ach é sin ráite, tá se d'acmhainn ag an tsráidbhaile freastal ar fhorbairt theoranta inlíonta mar mhalairt ar thithíocht aonuaire. Tá an tsráidbhaile i suíomh maith chun leas a bhaint as deiseanna oidhreacht agus turasóireachta áitiúla ar bhealach inbhuanaithe.

## 4.0 Straitéis Talamhúsáide

Is é an straitéis talamhúsáide do Chluain Ioraird ná forbairt cónaithe incriminteach/orgánach agus seirbhísí a bheidh ag teacht le riachtanais dhaonra an tsráidbhaile a eascú agus taitneamhachtaí nádúrtha agus stairiúla a chur chun cinn ag an am céanna.

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá dhá fhorbairt cónaithe ilaonaid i gCluain Ioraird cheana féin, an dá cheann acu ar an taobh thuaidh den R148 (an t-iar-Phríomhbhóthar Náisiúnta N4). Tugtar faoi deara go ndeachaigh cead pleanála a deonaíodh i leith Céim III de Ghort na Mainistreach, a raibh 96 aonad cónaithe mar chuid de, in éag in 2016. Tá 10 n-aonad nár tógadh go fóill. Trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha na Croístraitéise (leithdháileadh tithíochta de 40 aonad cónaithe) agus an léarscáil cuspóra criosaithe talamhúsáide, feictear go bhfuil talamh leordhóthanach criosaithe le haghaidh úsáidí cónaithe chun freastal ar riachtanais tithíochta an tsráidbhaile amach anseo le linn shaolré an Phlean Forbartha.

### 4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht (Miondíol san áireamh)

Aithnítear Cluain Ioraird mar lárionad miondíola leibhéal 4 in ordlathas miondíola an Chontae. Tá réimhse beag de sheirbhísí miondíola ann, go príomha siopa áise áitiúil, teach tábhairne agus siopa gruagaireachta. Bhainfeadh an tsráidbhaile leas as réimse agus éagsúlacht níos leithne de shaoráidí den chineál sin. Tá tailte ann freisin atá criosaithe le haghaidh úsáid E2 'Fiontar' ar an taobh thiar den tsráidbhaile mar léiriú ar na húsáidí fostaíochtaí atá ann cheana féin ag an suíomh agus chun tacú leo.

Leanfaidh an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht turasóireachta an tsráidbhaile, a bhfuil luach suntasach eacnamaíoch ag baint léi, agus níos mó úsáide fós a bhaint aisti. Cintíonn an Phlean seo go bhfuil méid leordhóthanach talún criosaithe le haghaidh fás breise tráchtála dá dtiocfadh gá / éileamh chun cinn le linn shaolré an Phlean Forbartha.

### 4.3 Bonneagar

Tá srianta suntasacha ar thoilleadh an bhonneagar uisce agus fuíolluisce atá ann faoi láthair. Go dtí go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna soláthair agus toillte, ní féidir leis an mbonneagar atá ann cheana féin freastal ar mhórán níos mó forbairt cónaithe agus tráchtála.

### 4.4 Gluaiseacht

Tá gluaiseacht agus rochtain sa sráidbhaile dírithe ar feadh na príomhshráide (an R148) agus bíonn feithiclí i réim uirthi chun dochar ríocht phoiblí an tsráidbhaile. Is tábhachtach gluaiseacht coisithe agus rothaithe tríd an gceantar a fheabhsú agus trácht feithicle a théann tríd an sráidbhaile a láimhseáil.

Maidir le hiompar poiblí, mar gheall go bhfuil Cluain Ioraird suite ar bhealach an t-iar-Phríomhbhóthar Náisiúnta N4, freastalaíonn bealaí réigiúnacha bus idir Baile Átha Cliath / Aerfort Bhaile Átha Cliath agus contaetha Mhaigh Eo, Ros Comáin, agus an Longfort air. Anuas air sin, is féidir le cónaitheoirí i gCluain Ioraird leas a bhaint as an tseirbhís iarnróid atá in aice láimhe sa Bhóthar Buí. Tá forbairt naisc bhus iompair phoiblí rithábhachtach chun déanamh cinnte go mbíonn deighilt córa iompair níos fearr i bhfabhar iompair phoiblí agus amach ón mótarfheithicil phríobháideach.

### 4.5 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Tá roinnt foirgneamh agus déanamh a bhfuil tábhacht staire ag baint leo i gCluain Ioraird, is iad sin Eaglais Chaitliceach Naomh Fionán, agus na ráillí agus an scrín a bhaineann léi. Sna ceantair mháguaird ar an sráidbhaile, tá sócmhainní suntasacha cultúir agus oidhreachta, cuid mhaith acu a dhearbhaíonn stair eaglasta an cheantair. Áit a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi na an limistéar acmhainneachta seandálaíochta taobh thoir den sráidbhaile ina bhfuil an lárionad eaglasta agus an móta.

Tá oidhreacht thógtha agus nádúrtha cheantar Chluain Ioraird ina hacmhainn thábhachtach nach mór a chosaint agus a fheabhsú chun cur leis an mothú áite agus an muintearas áitiúil, agus chun tarraingteacht an cheantair a fheabhsú do chónaitheoirí agus do chuirteoirí. Tá Rian Oidhreachta forbartha ag Comhairle Contae na Mí do Chluain Ioraird: “Trí na Céadta i gCluain Ioraird” a chuireann béim ar shuntasacht na hoidhreachta tógtha sa sráidbhaile. Tá sé d'aidhm ag an bPlean tacú le hacmhainneacht turasóireachta an tsráidbhaile.

Níl aon láithreán Natura 2000 laistigh den sráidbhailte cé go ritheann Abhainn Choill Bhardain taobh thuaidh den sráidbhaile go hAbhainn na Bóinne, atá ainmnithe ina Limistéar Caomhantais Speisialta agus ina Limistéar faoi Chosaint Speisialta. Is é Limistéar Caomhantais Speisialta Phortach Mount Hevey (thart ar 2.5km taobh thiar thuaidh) an láithreán Natura 2000 is gaire don sráidbhaile. Tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Phortach Mhaolchnoc suite thart ar 1.5km taobh thoir thuaidh den sráidbhaile.

### 4.6 Bonneagar Glas

Cé go bhfuil roinnt limistéir spáis oscailte laistigh d'fhorbairtí tithíochta, tá easpa spás oscailte struchtúrach/tírdhreacha ag an sráidbhaile. Tá ardluach taitneamhachta ag baint le cuid mhaith den cheantar thart timpeall ar an sráidbhaile ach níl sé faoi úinéireacht an phobail. Dá n-éascófaí fás orgánach an tsráidbhaile, i gcomhréir lena riachtanais agus a thoilleadh bonneagair, chabhrófaí le cinntiú go gcoimeádfá luach taitneamhachta na gceantar máguaird.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

Ar bhonneagar sóisialta an tsráidbhaile, tá scoil Naomh Fionán, halla an phobail, eaglais Naomh Fionán agus an forbairt CLG. Tá tailte taobh thuaidh den scoil criosaithe le haghaidh úsáid phobail agus is féidir leo freastal ar sheirbhísí nua nó ar sheirbhísí sínte amach anseo dá mbeadh gá leis leo sin. Tá saoráid nua CLG forbartha ag C.L.G Chluain Ioraird taobh thiar de lár an tsráidbhaile. Tacaíonn an Chomhairle le naisc thiomanta do choisithe/rothaithe a sholáthar idir an tsaoráid sin agus lár an tsráidbhaile. Cuirtear soláthar áit súgartha chun cinn freisin chun bonneagar poiblí an tsráidbhaile a fheabhsú.

Creideann an Chomhairle go bhfuil dóthain tailte ar fáil d'úsáidí sóisialta/pobail chun freastal ar dhaonraí an lae inniu agus na todhchaí araon le linn shaolré an Phlean Forbartha.

Aithnítear freisin go bhfuil mianta an phobail don sráidbhaile leagtha amach i bPlean Pobail Athbheochana Chluain Ioraird.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Tá foirm fhadaithe ag an lonnaíocht mar gheall ar an bpatrún sínte forbartha. Níl pointe lárnach soiléir ag an sráidbhaile agus bhainfeadh sé leas as ceann. Cé go gcoimeádann an sráidbhaile a charachtar tuaithe den chuid is mó, ba inmhianaithe é da gcuirfí feabhas ar an ríocht phoiblí agus ar an sráid-dreach chun an carachtar a fheabhsú, an forlámhas iarbhir/measta bóithre agus feithiclí a laghdú agus cuma an tsráidbhaile a fheabhsú.

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile/Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

Is é beartas na Comhairle

### Lonnaíocht agus Tithíocht

BEA CLIO 1	Forbairt Chluain Ioraird mar dhlúthlonnaíocht amach anseo a chur chun cinn agus forbairt a spreagadh a chomhdhlúthóidh carachtar suaithinseach an tsráidbhaile, agus a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile, agus a fhreastalóidh ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil ag an am céanna le cinntiú go bhforbrófaí an sráidbhaile ar bhealach inbhuanaithe mar áit tarraingteach chun cónaí, chun oibre, chun áineas a dhéanamh agus chun cuairt a thabhairt air.
------------	--

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

### Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS CLIO 1	Cur i bhfeidhm Croístraitéis Phlean Forbartha an Chontae a chinntiú, sa mhéid is indéanta, trína chinntiú nach sárófaí an leithdháileadh teaghlaigh do Chluain Ioraird mar a leagtar amach é i dTábla 2.11 den Croístraitéis.
CUS CLIO 2	Tacú le forbairt cónaithe ar thailte tearcúsáide agus/nó tailte folmha, lena n-áireofaí láithreáin ‘inlíonta’ agus láithreáin ‘athfhorbraíochta’, agus í a spreagadh, faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a bheith bainte amach.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS CLIO 3	Lárcheantar an tsráidbhaile a chomhdhlúthú le haghaidh úsáidí tráchtála.
CUS CLIO 4	Deiseanna a sholáthar maidir le cur leis an mbonn fostaíochta i gCluain Ioraird.
CUS CLIO 5	Tacú le tograí maidir le hacmhainneacht turasóireachta Chluain Ioraird a fhorbairt agus a neartú tuilleadh, ag cur le hobairt Boyne Valley Tourism chun Rian Oidhreachta Chluain Ioraird a fhorbairt.
CUS CLIO 6	Solathar saoráidí agus deiseanna turasóireachta a spreagadh, lena n-áireofaí ‘turasóireacht lae’ i gcomhar le forbairt agus cur chun cinn leanúnach Shlí na Canálach Ríoga. D’fhéadfadh pointe fócasach don turasóireacht amhail Eaglais na hÉireann Naomh Fionán cabhrú le turasóirí a ‘mhealladh’ ó Shlí na Canálach Ríoga go lár an tsráidbhaile.

### Bonneagar

CUS CLIO 7	Teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo maidir le seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an phlean.
CUS CLIO 8	An priacal tuilte agus an fhorbairt a bhainistiú i gcomhréir leis an Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile).

### Gluaiseacht

CUS CLIO 9	Gluaiseacht nua inmheánach sa sráidbhaile a chur chun cinn, do choisithe agus rothaithe go háirithe, taobh thuaidh den R148.
CUS CLIO	10 Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le saoráidí páirceála agus taistil agus limistéir fágála bus fheabhsaithe / eas-sráide, lena n-áireofaí soláthar do scáthláin bus agus páirceáil do bhusanna turasóirí.
CUS CLIO 11	Iniúchadh a dhéanamh an mbeadh se indéanta siúlán taitneamhachta a sholáthar ar feadh Abhainn Choill Bhairnín ó lár an bhaile go Droichead Chluain Ioraird.
CUS CLIO 12	Bearta feabhsaithe fágála agus moillithe tráchta a eascú i bhfoisceacht na scoile.

### An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS CLIO 13	Obair i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha chun tionscnaimh turasóireachta chultúrtha a fhorbairt bunaithe ar oidhreacht mhanachúil Chluain Ioraird e.g. Turas Columbanus.
CUS CLIO 14	Úsáid iarEaglais na hÉireann (taobh amuigh den sráidbhaile) mar ionad pobail/do chuirteoirí a mholadh.
CUS CLIO 15	Féachaint chuige go soláthrófaí spás oscailte cathartha agus comharthaíocht léirithe i lár an bhaile, nó i ngar dó, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.
CUS CLIO 16	An Crios Acmhainneachta Seandálaíochta a chosaint ar fhorbairt nach dtagann leis agus idirdhealú ó thaobh amhairc de a choimeád idir an sráidbhaile agus an t-ionad eaglasta agus an móta.
CUS CLIO 17	Tacú le hathúsáid na Ceapaí Bó ar imeall an tsráidbhaile le haghaidh saoráidí áineasa gníomhaigh/éighníomhaigh.

### Sóisialta

CUS CLIO 18	Tacú le háit súgartha phobail a sholáthar.
CUS CLIO 19	Aithint láithreáin agus/nó foirgnimh le haghaidh úsáid phobail ilfheidhme a éascú.
CUS CLIO 20	Bonneagar/saoráidí pobail atá ann cheana féin a chosaint i gcás inarb iomchuí agus tacú lena bhforbairt agus lena síneadh más gá.
CUS CLIO 21	Cur i bhfeidhm Plean Pobail Athbheochana Chluain Ioraird agus tionscadail eile faoi stiúir an phobail a éascú agus tacú leo chun feabhas ginearálta a chur ar an sráidbhaile agus a chinntiú ag an am céanna go mbeadh tionscadail a bhaineann leo i gcomhréir leis na cuspóirí forbartha sa Ráiteas Scríofa seo don sráidbhaile.

### Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS CLIO 22	Oibreacha feabhsaithe ríochta poiblí sa sráidbhaile a éascú, ag díriú ar mhoilliú tráchta chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir riachtanais coisithe / rothaithe / iompair phoiblí agus iad siúd a bhaineann le carranna príobháideacha.
CUS CLIO 23	Oibreacha feabhsaithe ríochta poiblí a fhágfadh go mbeadh croí an tsráidbhaile níos cinnte agus níos soiléire a chur chun cinn. Mar shampla cosáin a shíneadh, páirceáil uilleach, trasrian nó trasrianta do choisithe chun go mbeadh na sráideanna níos cinnte agus soilse poiblí feabhsaithe a thabhairt isteach, plandú / tírdhreachú agus dealbha.
CUS CLIO 24	An acmhainneacht i leith tuilleadh bearta moillithe tráchta agus trasrianta coisithe i bhfoisceacht “Paddy’s Bar” a fhiosrú.
CUS CLIO 25	A chinntiú go léireodh gach forbairt nua meas ar scála, foirm agus carachtar an tsráidbhaile.